C/2025/2454

24.4.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11908 — JERA NEX / BP GAMMA / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2454)

1. An 14 Aibreán 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— JERA Nex Limited ('JERA Nex', Sasana agus an Bhreatain Bheag), fochuideachta de chuid JERA Co., Inc. ('JERA', an tSeapáin), atá faoi rialú comhpháirteach Tokyo Electric Power Company Holdings, Inc. ('TEPCO', an tSeapáin) agus Chubu Electric Power Co., Inc. ('Chubu', an tSeapáin). Tá rialú comhpháirteach ag JERA Nex faoi láthair ar fheirmeacha gaoithe oibríochtúla amach ón gcósta agus ar phunann tionscadal atá á bhforbairt, agus tabharfar an dá rud acu do chomhfhiontar nuachruthaithe (an 'JV'); agus

— BP Gamma Holdings Limited ('BP Gamma', Sasana agus an Bhreatain Bheag), faoi rialú BP p.l.c. ('bp', Sasana agus an Bhreatain Bheag). Tá úinéireacht iomlán ag BP Gamma ar thionscadail forbartha a thabharfar don chomhfhiontar.

Tá sé comhaontaithe ag JERA Nex agus BP Gamma a ngnó gaoithe amach ón gcósta a chur le chéile chun comhfhiontar neamhspleách nua a chruthú. Gheobhaidh siad rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar an gcomhfhiontar.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann agus an chomhfhiontair:

— Is forbróir fuinnimh in-athnuaite é JERA Nex a sheol JERA, cuideachta fuinnimh Seapánach atá gníomhach ar fud an domhain in infheistíocht breosla réamhtheachtach, i soláthar breosla, i ngníomhaíochtaí trádála agus iompair, agus i bhforbairt agus oibriú gléasraí giniúna cumhachta,

— Is fochuideachta ar lánúinéireacht dhíreach bp é BP Gamma, arb é bp máthairchuideachta grúpa fuinnimh domhanda a sholáthraíonn táirgí agus seirbhísí fuinnimh do chustaiméirí ar fud an domhain,

— Tar éis an idirbhirt, beidh an comhfhiontar gníomhach ar fud an domhain i bhforbairt, tógáil agus oibriú feirmeacha gaoithe amach ón gcósta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11908 — JERA NEX / BP GAMMA / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË